



## CRUINNIÚ BORD BAINISTÍOCHTA COLÁISTE AILIGH

### Tuarascáil Aontaithe

<b>DÁTA:</b>	13 Nollaig 2022
<b>I LÁTHAIR:</b>	Pádraig Mac an Bhiocaire, Cathaoirleach Caitlín Uí Chochláin Shane Ó Breacáin Noelle Uí Mhaoilriain Seán Mac Suibhne, Rúnaí
<b>LEITHSCÉALTA:</b>	Marcus Ó Cuireáin Bernadette Ní Dhuibhir
<b>FREASTAL AR CHRUINNIÚ:</b>	Mairéad Uí Dhochartaigh, Rúnaí Taifeadta

### TUARASCÁIL AN PHRÍOMHOIDE

#### Nuashonrú ar Imeachtaí Scoile

- **Scileanna Staidéir:** d'eagraigh Máistreás Uí Ghallachóir lá scileanna staidéir do dhaltaí na tríú agus na séú bliana ar an Chéadaoin 7 Nollaig, le linn scrúduithe tí na chéad, dara agus cúigiú bliana.
- **Cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí:** bhí cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí na dara agus cúigiú bliana ar siúl ar an 22 Samhain, agus don chéad agus idirbhliain ar an 6 Nollaig 2022.
- **Lá & Oíche Oscailte:** bhí ócáid rathúil ar an 30 Samhain 2022, le daltaí ó Leitir Ceanainn, na Dúnaibh, Fánaid agus Duibhlinn Riabhach i láthair i rith an lae ag freastal ar ranganna chun éagsúlacht ábhar atá ar fáil i gColáiste Ailigh a bhlaiseadh. Bhí scaifte mhaith tuismitheoirí agus daltaí i láthair um thráthnóna chun turais thart ar an scoil a ghlacadh roimh chur i láthair ón Phríomhoide agus roinnt múinteoirí.
- **Margadh na Nollag:** bhí lá speisialta sa scoil ar an Aoine, 9 Nollaig nuair a thug daltaí bunscoile ó Ghaelscoil Adhamhnáin agus ó na Dúnaibh, Duibhlinn Riabhach agus an Tearmann cuairt ar an mhargadh, agus ar cheardlann eagraithe ag daltaí na cúigiú bliana. Thug an Príomhoide buíochas do Mháistreás Uí Ruadháin as ucht a cuid oibre le daltaí na hIdirbhliana an margadh a eagrú.
- **An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí:** beidh múinteoirí ag tabhairt faoi lá traenála ar líne ar an Déardaoin, 15 Nollaig 2022.
- **Eolaí Óg:** thréaslaigh an Príomhoide Máistir Ó Breacáin, atá ag obair le dáréag dalta atá ag dul go comórtas na hEolaithe Óga i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir 2023.

## **POLASAITHE SCOILE**

### **Polasaí Iontrála:**

Scaip an Príomhoide litir ar na baill den Bhord ag cur in iúl na hathruithe nach mór a dhéanamh sa Pholasaí Iontrála, ós rud é go bhfuil Tús Feidhme an Achta Oideachais (Socrú i Leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) 2022 na nAlt Eile Den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018 anois ann.

Glacadh leis na hathruithe seo sa pholasaí ar mholadh Shane Uí Bhreacáin, curtha leis ag Noelle Uí Mhaoilriain.

### **Polasaí Measúnú Riosca:**

Chuaigh an Bord fríd an measúnú riosca, agus aontaíodh na freagraí ar an seicliosta.

**Cód Iompair** : cuireadh tús le nuashonrú ar an chód iompair ag cruinniú foirne ag tús na scoilbhliana seo, agus críochnófar nuashonrú roimh dheireadh na scoilbhliana seo.

## **DÁTA AGUS AM AN CHÉAD CHRUINNIÚ EILE**

7 Feabhra 2023 ag 4.30 i.n.